

Post oscailte

Oifigeach Cuairteoirí agus Slándála

Oifigeach Cléireachais, Post Buan **Páirtaimseartha**

—
Suíomhanna Bhaile Átha Cliath (Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 7 agus Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2)

Dáta Deiridh le haghaidh Iarratais

Dé hAoine, an 27 Márta 2026

...

Ní mór iarratais a bheith faighte tráth nach déanaí ná 17:00. Tabhair do d'aire nach nglacfar le foirmeacha iarratais déanacha. Cloífead leis an dáta agus an t-am go docht, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaighfead an t-iarratas roimh an spriocdháta.

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun an post mar Oifigeach Cuairteoirí agus Slándála (Leibhéal Oifigigh Cléireachais) a líonadh i suíomhanna Bhaile Átha Cliath de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann: Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 7; agus Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. D'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach don Oifigeach Cuairteoirí agus Slándála taisteal go láithreáin ar bith de chuid an Mhúsaeim. Is post buan **páirtaimseartha** é seo. Líonfar an post seo trí agallaimh oscailte iomaíocha a dhéanamh.

Cur Síos Gairid ar an bPost

Chun an tseirbhís laethúil a sholáthar do chuairteoirí agus chun seirbhísí sláinte agus sábháilteachta agus slándála a chur ar fáil ag Ard-Mhúsaem na hÉireann, Sráid Chill Dara agus Dún Uí Choileáin.

TREORACHA AN IARRATAIS

Cuirtear iarratais isteach ar an rannán folúntas de **shuíomh gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann**: <https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies>

Is gá d'iarrthóirí an fhoirm iarratais chomhlánaithe, CV cothrom le dáta, agus litir chumhdaigh a chur isteach. **Iarraimid ar iarrthóirí go gcuirtear na trí cáipéis ar fad le chéile agus iad a chur isteach ar PDF aonair amháin.**

Ní mór an fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa agus iarratais atá san fhormaid mhícheart. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach Folúntais.

Céimeanna le leanúint chun iarratas a dhéanamh:

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.
- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le haghaidh d'iarratais le feiceáil ar an leathanach sin mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Líon amach na cáipéisí atá ag teastáil agus cuir le chéile iad i **PDF aonair amháin** mar aon le do CV agus litir chumhdaigh.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin an Mhúsaeim chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach Folúntais, aimsigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.

- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an tseiceáil Captcha a chríochnú agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

Cuir **seoladh ríomhphoist bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfear an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

Spriocdháta le haghaidh Iarratas

**Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00
Dé hAoine, an 27 Márta 2026**

Tabhair do d'aire nach nglacfar le foirmeacha iarratais déanacha. Cloífeá leis an dáta agus an t-am go docht, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaighfear an t-iarratas roimh an spriocdháta. **Beidh dícháiliú iarrthóirí mar thoradh ar chanbhasáil.**